## An ndéanann fóraim phobail difríocht?

Déanann. Is féidir le fóraim phobail difríocht a dhéanamh maidir leis an gcaoi a ndéantar tionscadail eangaí a dhearadh, a aimsiú agus a sheachadadh. Thacaigh fóraim phobail ar fud na tíre go mór le pleanáil bealaí do thionscadail bhonneagair EirGrid, rud a chabhraíonn le EirGrid teacht ar réitigh a íoslaghdaíonn cur isteach.

Mar shampla, i nDeisceart Bhaile Átha Cliath, tháinig baill de chumann cónaitheoirí isteach san fhóram agus d'fhreastail siad ar cheardlann rannpháirtíochta a thug deis dóibh dul i ngleic go gníomhach le hinnealtóirí EirGrid. Mar thoradh ar a n-eolas agus a naisc áitiúla rinneadh cuid de na cáblaí leictreachais a athródú trí thailte taitneamhachta spóirt seachas tríd an mbóthar poiblí, i gcomhar le húinéirí talún.

I gCill Dara, bhí roinnt de bhaill an phobail buartha ar dtús faoin tionscadal agus faoin tionchar a bheadh aige ar a gceantar féin. Tugadh cuireadh dóibh a bheith páirteach san fhóram agus oibriú le EirGrid chun réitigh insoláthartha a aimsiú agus leanúint ar aghaidh a bheith mar chuid den fhóram, ag cuidiú leis an straitéis leasa pobail a fhorbairt dá gceantar féin.

Bhí baill an fhóraim ar thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh lárnach i ndearadh agus i seachadadh na straitéise leasa pobail.

## Cad atá i gceist le rannpháirtíocht i bhfóram pobail?

Tá sé mar aidhm ag fóraim phobail teacht le chéile go rialta chun a chinntiú go mbíonn cumarsáid dhéthreo ar siúl le linn pleanáil agus seachadadh tionscadail. Ar an meán, tagann fóram le chéile 3-4 huaire sa bhliain de réir garspriocanna an tionscadail. Mura gcomhaontaítear a mhalairt, bíonn cruinnithe ar siúl tráthnóna agus ní mhaireann siad níos faide ná dhá uair an chloig. D'fhéadfadh siad a bheith ar siúl i bpearsan nó ar líne, ag brath ar roghanna an fhóraim.

> Coinníodh ar an eolas sinn agus mar sin ní raibh gá le ráflaí, tuairimíocht ná neirbhís mar gur tugadh an turas agus na nuashonruithe go han-soiléir le linn an tionscadail ar fad.
>
> *- Ball d'Fhóram Pobail Chill Dara na Mí*

> Tá sé an-tábhachtach tuarascáil achomair neamhtheicniúil a sholáthar ar na cúiseanna atá leis an mBealach Feidhmíochta is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn a roghnú chun go mbeidh an fhaisnéis seo inrochtana don oiread daoine agus is féidir.
>
> *- Ball d'Fhóram Pobail na Mí Thoir - Bhaile Átha Cliath Thuaidh*

Tá sé tábhachtach d'EirGrid go mbeadh meas ar gach duine a ghlacann páirt i bhfóram pobail agus go mothaíonn siad compordach a dtuairimí a roinnt. Nuair a bhunaítear fóram pobail, comhaontaítear na téarmaí tagartha le héascaitheoir an fhóraim agus le baill an fhóraim agus déantar athbhreithniú bliantúil orthu.

Tá éascaitheoir neamhspleách ina c(h)athaoirleach ar fhóraim a bhfuil sé mar ról aige neamhspleáchas agus sláine an fhóraim a chinntiú ar fud na dtionscadal forbartha eangaí. Tá siad freagrach as cumarsáid a dhéanamh le baill an fhóraim, cruinnithe a eagrú, seisiúin a éascú, miontuairiscí a ghlacadh agus aiseolas a ghabháil le roinnt le EirGrid. Ar mhaithe le trédhearcacht iomlán, roinntear miontuairiscí cruinnithe fóraim ar shuíomh gréasáin EirGrid.

## Conas is féidir liom a bheith páirteach i bhfóram pobail?

Má tá suim agat féin nó ag d'eagraíocht páirt a ghlacadh i bhfóram, tabhair cuairt ar ár liosta tionscadail reatha ag eirgrid.ie áit a bhfaighidh tú na tionscadail ábhartha agus sonraí an Oifigigh Idirchaidrimh Pobail. Nuair a bheidh tionscadail nua á mbunú againn, beidh imeachtaí faisnéise poiblí á n-óstáil againn sa réigiún, agus beidh ár nOifigigh Idirchaidrimh Pobail ar fáil i dteagmháil le grúpaí pobail agus le cónaitheoirí áitiúla. Osclóimid foirm léirithe spéise inar féidir le grúpaí pobail spéis a léiriú a bheith páirteach i bhfóram. Ag brath ar an leibhéal spéise, d'fhéadfadh go mbeadh tréimhse ainmniúcháin phoiblí ann ina n-iarrtar ar ghrúpaí pobail duine aonair a ainmniú chun páirt a ghlacadh.

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi fhóraim phobail, tabhair cuairt ar:

https://www.eirgrid.ie/community/engaging-public

> Mhothaigh muid gur éisteadh linn, agus glacadh ár moladh ar bord. Anois, sin an rogha a bhfuil EirGrid ag dul leis.
>
> *- Ball de Fhóram Pobail Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú*




EirGrid.ie

EirGrid

# Fóraim Phobail

Fómhar 2024

**Rannpháirtíocht Phoiblí**



## Ár riachtanais amach anseo a dhaingniú

Ní mór d'EirGrid freastal ar riachtanais leictreachais na hÉireann atá ag fás agus ag athrú. Áirítear leis seo leictriú córais iompair, feithiclí, téamh agus forbairt tithíochta, oifigí agus úsáideoirí móra fuinnimh. Ní mór dúinn freastal freisin ar fhoinsí nua agus glan leictreachais, amhail na gaoithe agus gréine, chun cabhrú le hÉirinn aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin.

## Ag obair leis an bpobal

Táimid tiomanta do shaoránaigh a chur i gcroílár ár gcinnteoireachta. Ceann de na bealaí ina ndéanaimid é seo ná trí fhóraim phobail a bhunú i gceantair ina bhfuil bonneagar eangaí á mholadh. Cinntíonn sé seo go dtéitear i gcomhairle le pobail, agus go gcuireann eolas áitiúil bonn eolais faoi chinntí ag gach céim den turas, ó phleanáil agus dearadh go tógáil agus maoiniú leasa pobail a sheachadadh.

## Cad is fóram pobail ann?

Sa chás go bhfuil tionscadal eangaí leictreachais á fhorbairt ag EirGrid, cuirtear fóram pobail ar bun ionas gur féidir tuairimí páirtithe leasmhara agus pobail a phlé, a thuiscint agus a mheas i gceart le linn an dearaidh agus na tógála.

Tá sé mar aidhm ag fóraim phobail ionadaíocht leathan ó phobail laistigh de na réigiúin tionscadail a chur san áireamh. Go ginearálta bíonn ionadaithe ó chumainn chónaitheacha agus phobail áitiúla, eagraíochtaí neamhbhrabúis, grúpaí míchumais agus sainspéise, gnólachtaí áitiúla nó grúpaí gnó, agus comhairleoirí áitiúla ó laistigh den cheantar mar bhallraíocht d'fhóram pobail.

Ceann de na rudaí a raibh an-mheas agam air ná an t-idirphlé díreach agus an deis labhartha nó chun ceisteanna a chur agus teagmháil a dhéanamh le muintir EirGrid féin

*- Ball d'Fhóram Pobail na Mí Thoir - Bhaile Átha Cliath Thuaidh*



## Cén fáth ar chóir dom a bheith páirteach?

Cruthaíonn fóraim phobail an deis le haghaidh idirphlé idir an pobal agus foireann EirGrid atá freagrach as tionscadail a sheachadadh. Trí pháirt a ghlacadh i bhfóram pobail tugtar cumhacht do shaoránaigh:

### Bí ar an eolas

Faigheann baill an Fhóraim nuashonruithe rialta ó fhoireann EirGrid faoin gcaoi a bhfuil an tionscadal á phleanáil agus á sheachadadh. Cabhróidh sé seo leat tuiscint a fháil ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal go háitiúil agus a chinntiú go gcuirtear ar an eolas thú le linn an phróisis.

### Ionadaíocht a dhéanamh ar do phobal áitiúil

Trí pháirt a ghlacadh i bhfóram is féidir leat ionadaíocht a dhéanamh ar thuairimí eagraíochtaí nó pobail áitiúla. Is féidir le baill an Fhóraim faisnéis a roinnt lena ngrúpaí pobail maidir le dul chun cinn tionscadal agus faisnéis a chur ar ais chuig EirGrid ag cinntiú go bhfuil sreabhadh faisnéise dhéthreo ann. Tugtar cuireadh do bhaill ionchur a dhéanamh freisin maidir le dearadh agus straitéis na gCistí Sochair Pobail a thacaíonn go díreach le pobail áitiúla i gceantair ina bhfuil bonneagar nua eangaí á óstáil.

### Chun eolas áitiúil a roinnt

Aithnímid gurb iad na pobail is fearr a bhfuil eolas acu ar a gceantair. Beidh deiseanna ag baill an Fhóraim treoir a thabhairt maidir le riachtanais agus tosaíochtaí áitiúla, agus foinsí áitiúla faisnéise a aithint ar cheart a chur san áireamh le linn seachadadh an tionscadail.

### Páirt a ghlacadh in aistriú fuinnimh in-athnuaite na hÉireannn

Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta in uaillmhian na hÉireann a bheith inbhuanaithe agus neodrach ó thaobh carbóin de tríd an aistriú ó bhreoslaí iontaise agus i dtreo fuinnimh in-athnuaite. Cuireann fóraim phobail leis an misean seo trí thacú le bonneagar nua a sheachadadh ar bhealach atá inghlactha ag pobail áitiúla.







